Iomdha buaidh ar chrích Chairbreach
[RIA 3 (23/L/17), 10b]
Diarmaid ma(i)c Taidhg mheic Diarmada Óig Í Dhála[igh] cecinit
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Iomdha buaidh ar chrích Chairbreach
úir na laochru(i)dh lonnairgnech
fód goirmrennach da ngiall goil
tar fhiadh ccoirmbhennach cCobhthoigh.
2 Mór dhíobh nách éidir dh’áiremh
iolbhuadha an fhuinn fhorbhfáiligh
clár sliombog raoinghrenta réidh
d’iomad aoibhnechta air-séin.
3 Do bhuaidh righe na rechtchath [11a]
aibhle a horradh ttoir[…]tach
áille a rian faoilighe a fledh
daoinighe a fiadh ’s a f(h)oirgnemh.
4 Teirce a sriobh saidhbhre a hiothlann
loise a lubhghort nduilleathrom
ualcha a hech fíonmhaire a fonn
líonmhaire a bech ’s a buabhall.
5 Dillighe a dionn ’s a fairchedh
sgiamhcha a tracht ’s a torchairthedh
deinmne a hadh athlaimhe a trebh
rathmhaire a cradh ’s a coilltedh.
6 Ciodh acht glóir tes a troimnéal
earlaimhe a harm bhfaobhoirghéar
lí a hethar seolchaomh fá sech
srethan a seolchraoch [leg. -bh?] ccoirchech.
7 Foraois oinigh fhuinn Bhanbha
róimh an oinigh chathardha
críoch bharcruadh na mbenn seada
eang na marcshluagh mileda.
8 Bladh eile d’uaisli(bh) an achuidh
fa hiad cinn a cothachuidh
d’úir shídhinnsidh Mhogha mhir
fírshinnsir fhola hÉimhir.
9 Saorchrú Eoghuin is Eachuidh
fr[e]ímhsliocht Fhiachuidh Mhuilleathuin
croinn ghegthegair choille cuir
éachtdhregain chloinne Cárthuigh.
10 A-tá aoinfher don fhedhuin
ar leirg a ghlún ngeinealuigh
do ghabh coing n-oirbhertoigh air
mur chloinn ccoinbhleachtoigh cCárthaigh.
11 Tadhg an Dúna dreach fhaoiligh
coingidh do chrú sheanGhaoidheal
gég fá síothghabhluigh sluagh Dor
sduagh ró-s fíortharnguir feallsamh.

12 Fuilngidh ainbhreithe ollaimh
clódh díbhfeirge daorurraidh
sódh coibhghen coimhlíonadh breth
foirmlíomhadh choirrshledh Chairbreach.

13 Aithbheóghadh éigsedh molta
díothladh Dhanar cconghalta
caor uaithmhéalta aoibhil ghleoidh
luaithréalta fhaoiligh aidheoir.

14 Iomthusa an oirbhirt aga
oirdhercus ua Diarmada
ádh dhréchtmholaidh fhíréin air
d’fír[fhr]éimh ccédfadhaigh cCárthaigh.

15 Dersgnuighes an recht roimhe
rob ionchuir é a ttarrngoire
congmhus dál nuaidhrechta a-niogh
mar chlár ngruaidhshenta nGaoidheal.

16 An tír a ttá toisg anmhór
coimeduigh í ar echtrannshlógh
ní théid geall daonnachta d[e] [11b]
a ccenn chaomhanta a chríche.

17 Ag mac Taidhg san tír chorcra
a-tá deighréim dreganta
san sgaithghil ghoirmshenta ghloin
aithghin loinnghrema an leogain.

18 Beithir lonn re luadh sunna
leoghan aingidh iodhlanda
tárla um chladhfhaighthibh chuan tte
go sluagh n-anaithrigh uime.

19 Cuibhrighid an draig ndoilfe
do-niadh teghdhuis thegoirthe
do ládh dinnsighthe edh air
ar fhedh íslighthe a uabhair.

20 Tig riogan go rún bhfáiligh
don tigh-se ar tí a friotháilimh
go mbárr bhfionnchrom bhfeca ttroigh
a ttiomcholl leabtha an leogain.

21 Ód-chí an leógan echt eile
egsamhlacht na hinghine
meisde í a ionmhuine dhi
do-ní a hionghuire aige.

22 Ód-chlos a beith san bhruid-si
teguid drong ’na deghuig-si
fá ben éidigh í ré a n-ucht
’s í nocharbh éidir d’furtucht.

23 Measuid sin ar seilbh a ngaoisi
ar bfhéachuin na foraoise
a tabhairt a gleodh a gomh
re leodh radhairc an ríochon.

24 A ccrích chodalta an leogain

tógbhuid an úir n-eidtreóroigh
san grianbhroighin budh glóir dhi
go n-iarnoighibh óir uimpi.

25 Bedhgus an bheithir arnoigh
ód-chí an inghen egarghloin
re haghuidh imthechta uaidh
gabhuidh ilrechta is anbhuain.

26 Lingeas an leogan faltach
cuires an crobh díoghaltach
tríthe ag buain na dermhná dhíobh
ní therna uaidh gan fhairbhriogh.

27 Roinn leatha dia do dhioghuil
tug sonn ar an soirbhrioghuin
dal truagh ar tinghealladh dhi
imgherradh a gruadh ngairthi.

28 An leogan an drong dherbhtha
Tadhg ’s a bhiodhbhadh bheithiordha
ga sedh dhí an tingheall-so a techt
an inghen-so is í a oighrecht.

29 Mar do bhuing an bhéisd chonfuidh
an mnaoi n-edtrocht d’allmhurchuibh
sgarus úir ttonnroighibh tte
re foghluighibh mhúir Mheidhbhe.

30 Tadhg Mhag Carthuigh colg drithlioch [12a]
coimhdhes an fial foirmshlighthech
ar fheidhm ngleoidh ngéirennuigh mhir
’s a cceimennuibh eóil einigh.

31 Síodha re flathaibh fromhtha
fraochdha re droing ndanardha
sging fhorbhfaoiligh rob áil air
re comhdhaoinibh chlair Chobhthaigh.

32 Ní shir gleo ní ghabh éara
ní adhuin ní éimdhegha
d’iomdha cliar is edóigh air
ní iarr eagcóir ní iomchair.

33 Giolla meallta ar armluadh
draig is daingne ar Dhanarshluagh
na cédairghe do char sin
tal is éadaingne ar éigsibh.

34 Mír chruaidhe cherdcha goile
dregan Dúna Maonmhoighe
doirsi an oirbhirt do osguil
toimhsi an toirbhirt tharrosduir.

35 Caor dhergruathar na diomdhadh
díbhfergach fhonn n-oirerghlan
súdh beódhachta an cridhe ór chin
righe gleodhachta an ghaisgidh.

36 Fuarán ionnailte érlamh
grian siorchora soighnéalghal

craobh nuainealta chnobhláith chuir
órshnáith fuaighealta an engnuimh.

37 Cuisle fhírbhetha fhili[o]dh
colg ciorrbhuighthe ainbhfini[o]dh
cerd oirghrenta ilcheall sin(n)
timcheall ghlóirshleachta Gaoidhil.

38 Onchú cuarduighthe catha
cóimhleabthach chlann ríoghfhlatha
fremh fhoirmfhesa aithrech sen
taithmhech coirmleasa caibhghen. Iomdha...